



Iarnród Éireann

Scéim Teanga

2019 - 2022

Faoi Alt 11

d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

1. RÉAMHRÁ

Is í seo an chéad Scéim Teanga arna hullmhú ag Iarnród Éireann faoi alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ("an tAcht"), mar chuid de Ghrúpscéim i gcoitinne CIÉ.

Foráiltear le hAlt 11 den Acht go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim reachtúil ina sonraítear na seirbhísí a bheidh siad ag soláthar.

- Trí mheán na Gaeilge
- Trí mheán an Bhéarla; agus
- Trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

Agus na bearta atá le glacadh lena chinntiú go gcuirfear roinnt seirbhísí nach bhfuil á gcur ar fáil ag Iarnród Éireann trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil laistigh d'achar ama comhaontaithe.

2. Ullmhúchán don Scéim Teanga

Ullmhaíodh an scéim seo ar iarratas ón Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi Alt 11 den Acht, agus de réir na dTreoirlínte faoi alt 12 den Acht céanna.

Mar ullmhúchán don scéim seo, bunaíodh Coiste Inmheánach Gaeilge ar fud an Ghrúpa CIÉ le dul i ngleic le réimsí éagsúla den scéim, agus aird á tabhairt ar an méid is féidir a bhaint amach sna blianta amach romhainn.

Faoi alt 13 den Acht, foilsíodh fógra poiblí go raibh sé ar intinn againn dréachtscéim a ullmhú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Rinneadh an cúig aighneacht déag a fuarthas a scrúdú agus rinneadh iad a athbhreithniú nuair a bhí an scéim seo á hullmhú. Ba mhaith le CIÉ buíochas a ghlacadh le gach duine a ghlac an t-am chun dul i mbun an phróisis seo.

3. Ábhar na Scéime Teanga

Is é is aidhm leis an Scéim feabhas a chur ar an tseirbhís Gaeilge atá á cur ar fáil ag Iarnród Éireann. Tugtar achoimre ar na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge faoi láthair agus ar na pleananna atá againn chun feabhas a chur ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil thar an scéim trí bliana seo.

4. Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an scéim seo daingnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tiocfaidh an Scéim i bhfeidhm ó 26 Feabhra 2019, agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta sin nó go dtí go ndaingneoidh an tAire Scéim nua, de bhun Alt 15 den Acht, cibé ceann is déanaí.

5. Forléargas ar Iarnród Éireann

Is fochomhlacht de chuid C.I.E. é Iarnród Éireann, uimhir chláráithe comhlachta 119571, Príomh-Oifig, Stáisiún Uí Chonghaile, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1, Éire.

Is féidir cur síos a dhéanamh ar phríomhghníomhaíochtaí Iarnród Éireann: daoine a iompar ar fud na tíre ar iarnród ar bhealach atá sábháilte. I measc na ngníomhaíochtaí a dtugann Iarnród Éireann fúthu ar bhonn laethúil tá oibríochtaí traenach, bainistíocht bonneagair agus na feidhmeanna tráchtála agus riaracháin a bhaineann leo sin. D'iompair Iarnród Éireann 45.5 milliún paisinéir in 2017.

Tá seachtar comhaltaí boird ag Iarnród Éireann, cúigear acu arna gceapadh ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus beirt comhaltaí arna gceapadh ag na fostaithe.

Is iad seo a leanas comhaltaí reatha an Bhoird:

- An tUasal Frank Allen (Cathaoirleach)
- Carolyn Griffiths Uasal
- Valerie Little Uasal
- An tUasal Mal McGreevy
- An Dr Peter Mullholland
- An tUasal Thomas Wynne

Déanann an Bord maoirseacht ar obair Iarnród Éireann chomh maith le gach cinneadh maidir le maoiniú agus gach gné a bhaineann le ceapadh beartas agus forbairt an tionscail a dhaingniú.

6. Tiomantas do sheirbhísí a sholáthar i nGaeilge

Tacaíonn Iarnród Éireann leis na prionsabail maidir le cothromaíocht i leith na Gaeilge agus i leith an Bhéarla, mar a leagtar amach in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, agus táimid tiomanta freastal ar na custaiméirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh i nGaeilge dá mhéad agus is féidir laistigh de na hacmhainní atá ar fáil dúinn.

Déanann Iarnród Éireann a dhícheall chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus chun feabhas a chur ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal i nGaeilge. Fáiltímid roimh ullmhú na Scéime mar dheis chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil i nGaeilge cheana féin a chur ar bhonn foirmiúil agus chun cur leis an méid seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge.

Príomhbhealaí Cumarsáide leis an bPobal

Teagmháil duine le duine

Seirbhísí Teileafóin

Cumarsáid Leictreonach

Láithreán Gréasáin

Na Meáin Shóisialta

Preas/Poiblíocht

Litir

Na seirbhísí a chuireann Iarnród Éireann ar fáil i nGaeilge faoi láthair.

Comhfhreagras -

Déantar gach litir agus gach ríomhphost a fhaightear i nGaeilge a fhreagairt i nGaeilge.

Láithreán Gréasáin -

Faisnéis theoranta dátheangach 'seasta'

Na Meáin Shóisialta -

Freagraí ar Ghaeilge i nGaeilge

Fógraíocht -

Tá fógraí comhairliúcháin phoiblí dátheangach

Fógraí uathobrithe ar bord –

Tá na seirbhísí ar fad dátheangach seachas an DART. Cuirtear faisnéis dátheangach ar fáil ag na stáisiúin ar sheirbhísí DART.

Fógraí uathobrithe stáisiúin –

Tá líon teoranta fógraí dátheangach

Foireann an Stáisiúin

Bheadh méid áirithe Gaeilge ag cuid bheag d'Foireann an Stáisiúin.

Amchláir/Póstaeir

Tá roinnt acu dátheangach.

Ticéid

Tá na ticéid dátheangach, nó cuirtear rogha ar fáil iad a phriontáil i nGaeilge nó i mBéarla.

Conraitheoirí Tríú Páirtí

Bíonn comharthaíocht chonraitheoirí dátheangach nuair atá seirbhísí á gcur ar fáil go díreach acu don phobal thar ár gceann - is cuid den phróisis tairisceana é.

Foirmeacha Custaiméirí

Dátheangach

Freagraí uathobrithe ríomhphoist

Tá freagraí ríomhphoist nuair is seirbhísí iad atá á gcur ar fáil go díreach don phobal dátheangach.

Seirbhísí a chuirtear ar fáil i mBéarla amháin faoi láthair

Is i mBéarla amháin a chuirtear gach seirbhís eile ar fáil

Seirbhísí a chuirtear ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla faoi láthair

- Tuarascáil Bhliantúil
- Foilseacháin – Cairt Chustaiméirí, Doiciméid Beartas, comhairliúchán Poiblí
- Póstaeir Faisnéise

7. Feabhas a chur ar na seirbhísí a bheidh le cur ar fáil go dátheangach

Seirbhísí Teileafóin - Eolas do Chustaiméirí

Beidh gníomhaire a bhfuil Gaeilge aige ar fáil an t-am ar fad le linn uaireanta oscailte an ionaid eolais do chustaiméirí.

An tréimhse lena chur i gcrích: laistigh den chéad sé mhí den scéim

Uimhir theileafóin Cheannoifig Iarnród Éireann –

Cuirfear rogha seirbhíse ar fáil trí roghchlár uathoibríthe Gaeilge a roghnú.

An tréimhse lena chur i gcrích: Deireadh an dara bliain den scéim seo

Teagmháil duine le duine

Mura bhfuil fostaí in ann cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge ag na stáisiúin cuirfear teagmhálaí ar fáil inár nIonad Eolais do Chustaiméirí lena mbeidh an custaiméir in ann cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge más fearr leo é.

Tréimhse Ama: Laistigh den chéad sé mhí den scéim seo.

Teachtaireachtaí ríomhphoist -

Chomh maith leis na pointí teagmhála láraithe do chustaiméirí atá dátheangach, spreagfar baill aonair den fhoireann úsáid a bhaint as na freagraí 'as oifig' i nGaeilge agus i mBéarla nach bhfuil ginte ag an gcóras.

An tréimhse lena chur i gcrích: Deireadh na chéad bhliana den scéim seo

Comhfhreagras

Chomh maith lena hoibleagáid dlí a chomhlíonadh maidir le freagra a thabhairt i nGaeilge ar chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge, tionscnóidh Iarnród Éireann comhfhreagras i nGaeilge le daoine a bhfuil a fhios againn gur fearr leo comhfhreagras a fháil i nGaeilge.

An tréimhse lena chur i gcrích: ó thús na Scéime seo.

Oiliúint agus Forbairt na Foirne

Cuirfear cúrsaí oiliúna Gaeilge ar fáil don fhoireann fáiltithe agus do gach ball foirne eile ar mian leo leas a bhaint astu. Beidh na cláir oiliúna teanga seo dírithe ar oiliúint atá ábhartha don iarnród ar mhaithe le cumas fhoireann Iarnród Éireann a mhéadú go sonrach chun déileáil le hiarratais Gaeilge ó chustaiméirí.

An tréimhse lena chur i gcrích: Deireadh na chéad bhliana den scéim seo

- Cuirfear baill foirne ar an eolas maidir leis na gealltanais atá tugtha ag Iarnród Éireann faoin Scéim seo trí fheachtas cumarsáide inmheánach.

- Tá sé beartaithe ag Iarnród Éireann cur leis an gceiliúradh a dhéantar i nGaeilge maidir le le roinnt imeachtaí poiblí/cultúrtha ar nós Lá Fhéile Pádraig ina gcuirfear béim faoi leith ar cheiliúradh a dhéanamh ar an nGaeilge agus í a chur chun cinn. Beidh Iarnród Éireann rannpháirteach i Seachtain na Gaeilge agus spreagfar gach ball den fhoireann cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge ina gcuid oibre laethúil.

Foilseacháin

Déanfar tuarascálacha móra a fhoilsíonn Iarnród Éireann a fhoilsiú go dátheangach, ar nós an tuarascáil bhliantúil, tograí beartas poiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, agus aon doiciméid eile atá faoi alt 5 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, seachas lámhleabhair speisialaithe inmheánacha le haghaidh teagaisc nó doiciméid a bhfuil sainréimeanna faoi leith, teicniúla agus eolaíocha ag baint leo, a chuirfear ar fáil i mBéarla amháin. Sa chás go mbeadh tionchar ag chomh fada is atá foilseachán dátheangach ar chomh héifeachtach is a bheidh sé nó go mbeadh costas iomarcach breise i gceist leis, d'fhéadfaí cóipeanna ar leith de na foilseacháin sin a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Beidh ráiteas i ngach leagan go bhfuil leagan ar fáil sa teanga eile maidir leis seo.

An t-achar ama chun é seo a chur i gcrích – Deireadh na chéad bhliana den scéim seo.

Preasráitis

Beidh gach preasráiteas a bhaineann le himeachtaí sóisialta/cultúrtha eisithe agus curtha ar shuíomh idirlín an chomhlachta go dátheangach agus go comhuaineach leis an leagan Béarla. Ar iarratas ó na meáin áitiúla nó náisiúnta cuirfear preasráitis ar fáil i nGaeilge.

Beidh gach preasráiteas agus ráiteas a bhaineann le foilsiú tuarascálacha dátheangacha (ar nós an Tuarascáil Bhliantúil) eisithe go dátheangach ó thús na scéime.

An t-achar ama chun é seo a chur i gcrích – ó thús na scéime.

Cumarsáid

Cinntoidh Iarnród Éireann go mbeidh urlabhraí a bhfuil Gaeilge aige agus a bhfuil an dóthain údaráis aige ar fáil chun agallamh a dhéanamh leis na meáin nuair a iarrfaidh na meáin áitiúla agus/nó náisiúnta é.

An tréimhse lena chur i gcrích: Deireadh na chéad bhliana den scéim seo

Láithreán Gréasáin

Déanfar an t-ábhar seasta ar fad a bheidh á chur ar an láithreán gréasáin ar fáil i nGaeilge

An tréimhse lena chur i gcrích: Deireadh na Scéime seo.

Monatóireacht agus Athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim

Sannfar an fhreagracht fhoriomlán maidir le maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na scéime ar an Roinn Cumarsáide Corparáidí.

Déanfar uasdátú bliantúil ar dhul chun cinn a thuairisciú chuig Bord Iarnród Éireann

Tá sé beartaithe go ndéanfar feidhmiú na scéime seo a athbhreithniú tar éis 18 mí ó cuireadh tús léi agus arís ag deireadh na tréimhse trí bliana lena chinntiú go ndéanfar na spriocanna comhaontaithe agus na tionscnaimh trí Ghaeilge a sheachadadh de réir an éilimh faoi láthair agus amach anseo ón tionscal agus mar atá faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Foilsiú na Scéime Comhaontaithe

Déanfar ábhar na scéime comhaontaithe deiridh mar aon le gealltanais agus forálacha na scéime a chur ar an eolas don fhoireann agus don phobal trí –

- Nuachtlitir inmheánach
- Preasráiteas
- Láithreán Gréasáin an Chomhlachta

Tá cóip den Scéim curtha ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.